



ASTI

FAISNÉIS CHONARTHA MAIDIR LE:

Múinteoirí Neamhbhuana, lena n-áirítear

- ▲ **Múinteoirí Páirtaimseartha Ócáideacha**
- ▲ **Múinteoirí Páirtaimseartha Neamhócáideacha**
- ▲ **Múinteoirí Páirtaimseartha Rialta**
- ▲ **Múinteoirí Lánaimseartha Sealadacha**

Conarthaí Tréimhse Éiginnte

BILEOG EOLAIS ASTI – 2021

CLÁR NA nÁBHAR

Catagóirí Múinteoirí Neamhbhuana	2
▲ Múinteoir Páirtaimseartha Ócáideach (faoi bhun 150 uair an chloig i scoilbhliain)	
▲ Múinteoir Páirtaimseartha Neamhócáideach (150 uair an chloig nó níos mó ach níos lú ná scoilbhliain)	
▲ Múinteoir Páirtaimseartha Rialta (Conradh Pro Rata)	
▲ Múinteoir Lánaimseartha Sealadach (22 uair an chloig)	
Conradh Tréimhse Éiginnte	3
Scálaí Tuarastail	3
Liúntais Cháilíochta	6
Creidmheas Incriminteach	6
An Chomhairle Mhúinteoireachta	6
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	7
Ballraíocht ASTI	8

1. CATAGÓIRÍ MÚINTEOIRÍ NEAMHBHUANA

▲ MÚINTEOIR PÁIRTAIMSEARHA ÓCÁIDEACH

Múinteoir páirtaimseartha nach bhfuil fostaithe ar chonradh, measfar é nó í a bheith ag obair ar bhonn ócáideach go dtí go n-oibreoidh sé nó sí go ceann tréimhse níos mó ná 150 uair an chloig in institiúid i rith na scoilbhliana. Íocfar aon mhúinteoir cáilithe den sórt sin a oibríonn ar bhonn ócáideach ag ráta seasta in aghaidh na huair. Féach na rátaí faoi Roinn 3 maidir le Scálaí tuarastail.

Sa chás go n-oibríonn múinteoir páirtaimseartha den sórt sin go ceann 150 uair an chloig nó níos mó sa scoilbhliain, íocfar gach uair an chloig sa bhreis ar na 150 uair an chloig ag ráta arna ríomh ag an bpointe iomchuí ar an scála tuarastail bhliantúil arna roinnt ar 735 le haghaidh gach uair an chloig bhreise atá oibrithe.

Sheasfadh múinteoir páirtaimseartha ócáideach isteach do mhúinteoirí ar shaoire bhreiteachta nó saoire thuismitheoireachta, mar shampla.

Téarmaí agus coinníollacha

Saoire bhreiteachta

Níl aon teidlíocht fhoirmiúil ag múinteoirí páirtaimseartha ócáideacha, arna n-íoc in aghaidh na huair, ar íocaíocht saoire breiteachta. Mar sin féin, d'fhéadfadh múinteoir páirtaimseartha ócáideach atá ina ranníocóir ÁSPC Aicme A, tar éis níos mó ná 6 lá as láthair, a bheith incháilithe chun Sochair Bhreiteachta Leasa Shóisialaigh a fháil le linn neamhláithreachtaí mar gheall ar bhreiteacht, cé go mbraitheann sé sin ar choinníollacha cáilithe ranníocaíochta áirithe a bheith comhlíonta. Tá na mionsonraí ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

▲ MÚINTEOIR PÁIRTAIMSEARHA NEAMHÓCÁIDEACH

Múinteoir páirtaimseartha atá fostaithe faoi chonradh trína gcuirtear iallach air nó uirthi obair in institiúid go ceann tréimhse 150 uair an chloig nó níos mó i rith na scoilbhliana ach obair níos lú ná scoilbhliain iomlán, aicmeofar é nó í mar mhúinteoir páirtaimseartha neamhócáideach.

Íocfar múinteoirí páirtaimseartha neamhócáideacha de réir ráta arna ríomh ag an tuarastal agus na liúntais bhliantúla iomchuí ag brath ar an bpointe ar an scála tuarastail, arna roinnt ar 735 in aghaidh na huair a oibrítear.

Le héifeacht ó thosach na scoilbhliana 2015/16, baineadh 12% den ráta neamhócáideach in aghaidh na huair is iníoctha le múinteoir iar-bhunscoile. Déanfaidh an múinteoir saoire bhliantúil reachtúil a charnadh ar luach an ama a oibrítear; tógfaidh sé nó sí an tsaoire sin le linn thréimhsí dúnta na scoile um Nollaig, um Cháisc agus sa samhradh, agus íocfar é nó í as an tsaoire.

Sheasfadh múinteoirí neamhócáideacha isteach do mhúinteoirí ar shaoire mháithreachais agus saoire chúramóra, mar shampla.

Téarmaí agus coinníollacha

Tá teidlíocht ag múinteoirí neamhócáideacha ar shaoire bhreiteachta/saoire mháithreachais de réir téarmaí na scéime Saoire Breiteachta ar feadh ré a gconartha.

Pá

Tháinig athruithe ar na socruithe pá do mhúinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha i bhfeidhm ó thosach na scoilbhliana 2015/2016 tar éis comhaontú ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí. Bhíodh eilimint i ndáil leis an tsaoire bhliantúil san áireamh sna rátaí laethúla/in aghaidh na huair a íocadh le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha in aghaidh an lae/na huair a d'oibrigh siad. Thugtaí "pá saoire cuachta" ar an gcleachtas sin. Tháinig deireadh leis an gcleachtas sin ó Mheán Fómhair 2015 i leith agus tugadh isteach íocaíocht ar leithligh i ndáil le pá saoire

▲ CONRADH PRO RATA

Tairgfear conradh pro rata do mhúinteoir páirtaimseartha atá fostaithe don scoilbhliain iomlán chun teagasc a sholáthar ar feadh líon áirithe uaireanta i rith gach seachtaine. Is iondúil go rithfidh conradh pro rata idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Lúnasa. Féadfaidh conarthaí pro rata tosú, áfach, le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Deireadh Fómhair, agus na laethanta sin san áireamh (nó an chéad lá díreach tar éis an bhriste lár téarma má thagann deireadh leis an mbriseadh lár téarma tar éis an 31 Deireadh Fómhair). Caithfear an conradh a shíniú agus tús a chur le seachadadh na seirbhíse faoin gconradh laistigh den tréimhse sin.

Éileofar le conradh pro rata go seachadfar an tseirbhís teagaisc agus na dualgais ghairmiúla ghaolmhara ar bhonn pro rata le múinteoir lánaimseartha buan. Soláthrófar leis an gconradh pá agus coinníollacha fostaíochta pro rata don mhúinteoir páirtaimseartha.

Sheasfadh múinteoirí pro rata isteach le haghaidh comhroinnt post, mar shampla.

Tuarastal

Beidh an íocaíocht ar bhonn pro rata don tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Lúnasa. Bunaítear an tuarastal ar na huairanta sa chonradh in aghaidh na seachtaine mar chodán de 22 uair an chloig.

Téarmaí agus Coinníollacha

Tá múinteoir ar chonradh pro rata incháilithe le haghaidh saoire mháithreachais/bhreiteachta íoctha le linn ré a c(h)onartha. Mar sin féin, i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, ní mór caitheamh

chomh fabhrach céanna le múinteoirí sealadacha is a chaitear lena gcoibhéisí lánaimseartha.

▲ CONRADH LÁNAIMSEARHA SEALADACH

Féadfar conradh lánaimseartha sealadach a thairiscint, ach ní chomh minic is a tairgeadh roimhe seo, do mhúinteoir i gcás go gcruthaítear folúntas mar gheall ar mhúinteoir a bheith ar shos gairme, ar iasacht nó ar chead neamhláithreachta, agus i gcás go bhfuil an scoil laistigh den chuóta. Féadfar conradh den sórt sin a thairiscint freisin má dhiúltaíonn an Roinn Oideachais post buan a cheadú mar gheall ar laghdú i líon na ndaltaí nó i gcás go dtugtar fógra don Roinn Oideachais faoi fholúntas tar éis an próiseas ath-implonaithe a bheith críochnaithe. De ghnáth maireann fad an cheapacháin ar feadh aon bhliain amháin ar a laghad, i.e., idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Lúnasa an bhliain dár gcionn.

Tuarastal

Íoctar tuarastal incriminteach le múinteoir lánaimseartha sealadach i dtráthchodanna coicíse i rith na bliana, lena n-áirítear tréimhsí saoire. An múinteoir atá cáilithe go cuí, tosóidh sé nó sí ar phointe an scála tuarastail ábhartha, ag brath ar dháta a c(h)éad seirbhís teagaisc láncháilithe i bpost teagaisc arna mhaoiniú ag an Oireachtas.

Saoire

Tá múinteoir lánaimseartha sealadach incháilithe le haghaidh saoire mháithreachais/bhreoiteachta íoctha le linn ré a c(h)onartha. Mar sin féin, i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, ní mór caitheamh chomh fabhrach céanna le múinteoirí sealadacha is a chaitear lena gcoibhéisí lánaimseartha.

2. CONRADH TRÉIMHSE ÉIGINTE (CTÉ)

Tugann Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) na cearta agus na teidlíochtaí céanna don sealbhóir agus atá ag aon mhúinteoir buan, ach amháin go bhfuil a t(h)uarastal bunaithe ar an líon uaireanta a mhúineann sé/sí in aghaidh na seachtaine. Féadtar tuarastal lánaimseartha a íoc le sealbhóir CTÉ a oibríonn 18 n-uair an chloig má aontaíonn sé nó sí i scríbhinn go gcuirfear ar an gclár ama é nó í i gcomhair 22 uair an chloig oibre in aghaidh na seachtaine. Ní mór Foirm H22 a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an Roinn Oideachais nó chuig BOO chun gur féidir tuarastal na múinteoirí a choigeartú.

D'fhonn cáiliú le haghaidh CTÉ, ní mór duit na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- A bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reatha
- A bheith i seilbh cáilíochtaí iomchuí, lena n-áirítear PDGE / A.Diplóma
- Seirbhís teagaisc leanúnach dhá bhliain a bheith curtha díot agat, faoi dhá chonradh fostaíochta i scríbhinn nó níos mó as a chéile leis an bhfostóir céanna, conarthaí a íocadh le hairgid arna gcur ar fáil ag an Oireachtas

Beidh múinteoirí a chomhlíonann na critéir thuas i dteideal CTÉ ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- Their Ní bheidh a bpost inmharthana laistigh de thréimhse réasúnta, agus leagadh amach é sin mar fhoras oibiachtúil i scríbhinn sa chonradh roimhe seo
- Tá siad ag seasamh isteach do mhúinteoir atá ar scéim cheadaithe neamhláithreachta (seachas le haghaidh sos gairme nó iasachta) agus leagadh amach é sin mar fhoras oibiachtúil i scríbhinn sa chonradh roimhe seo.

Téarmaí agus coinníollacha

Tá na cearta agus na teidlíochtaí céanna acu agus atá ag aon mhúinteoir buan.

3. SCÁLAÍ TUARASTAIL

Tá dhá scála tuarastail i bhfeidhm faoi láthair do mhúinteoirí i scoileanna dara leibhéal in Éirinn.

Scála tuarastail roimh Eanáir 2011:

Múinteoirí a ceapadh den chéad uair i bpost teagaisc arna íoc ag an Roinn roimh an 1 Eanáir 2011, íoctar iad de réir an scála tuarastail roimh Eanáir 2011 agus de réir na liúntas is infheidhme maidir leis an scála sin.

Scála Tuarastail agus Liúntais Cháilíochta do Mhúinteoirí a chuaigh isteach sa Mhúinteoireacht ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh

Múinteoirí a ceapadh den chéad uair i bpost teagaisc arna íoc ag an Roinn idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, íoctar iad de réir an scála tuarastail leasaithe, lena n-áirítear an Liúntas Bunchéime Onóracha, agus aon liúntais cháilíochta is infheidhmes

Múinteoirí a ceapadh den chéad uair i bpost teagaisc arna íoc ag an Roinn ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh, íoctar iad de réir an scála tuarastail leasaithe, lena n-áirítear anois an Liúntas Bunchéime Onóracha.

Tabhair faoi deara:

Ceadaítear le Ciorclán 0027/2016 go n-aithneofar seirbhís teagaisc roimhe seo i bpost teagaisc comhchosúil i seirbhís phoiblí bhallstát Aontais Eorpaigh eile ar an mbonn céanna amhail is dá dtabharfaí an tseirbhís in Éirinn, agus an scála tuarastail iomchuí (agus liúntais i gcás inarb infheidhme) is infíoctha leis an múinteoir á chinneadh.

Dul Chun Cinn Incriminteach agus Ráta Pá:

Is tríd an mbonn ar ar fostaíodh thú a chinntear an ráta a íoctar leat agus cibé acu an múinteoir cáilithe nó neamhcháilithe atá ionat freisin.

Is féidir múinteoirí **cáilithe** i bpost teagaisc arna íoc ag an roinn a bheith i bhfostaíocht ar aon cheann de na boinn seo a leanas.

Ócáideach – faoi bhun 150 uair an chloig i scoilbhliain – ag seasamh isteach go hiondúil do mhúinteoir ar Shaoire Bhreiteachta/Saoire Thuismitheoireachta.

Teastaíonn 600 uair an chloig san iomlán chun an chéad phointe incriminteach eile ar an scála a bhaint amach. Caithfidh múinteoir ócáideach 300 uair an chloig nó níos mó a oibriú i gcáil ócáideach laistigh de scoilbhliain chun go gcomhairfí an tseirbhís sin le haghaidh incriminte, agus féadfar í a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad scoilbhliain eile lena carnadh chun críocha incrimintí.

Íoctar ráta cáilithe caighdeánach leo de réir an scála pá.

Neamhócáideach – níos mó ná 150 uair an chloig ach níos lú ná scoilbhliain – ag seasamh isteach go hiondúil do mhúinteoir ar Shaoire Mháithreachais / Saoire Cúramóirí.

Íoctar ráta neamhócáideach cáilithe leo atá i gcomhréir lena bpointe pearsanta féin ar an scála pá arna roinnt ar 735 san uair in aghaidh gach uair an chloig a oibrítear.

Conradh Páirtaimseartha Rialta ar Théarma Seasta – conradh Comhroinnte Poist á chlúdach go ginearálta.

Íoctar iad ar an mbonn céanna le múinteoir lánaimseartha, pro rata leis an líon uaireanta a oibrítear.

Conradh Lánaimseartha ar Théarma Seasta – ag seasamh isteach go hiondúil do mhúinteoir ar shos gairme / ar iasacht.

Íoctar iad de réir an phointe incrimintigh ar an scála tuarastail.

Íocfar múinteoirí **neamhcháilithe** ag an ráta neamhcháilithe agus ní áireofar a seirbhís le haghaidh creidmheas incriminteach.

Tá rátaí páirtaimseartha ócáideacha leasaithe in aghaidh na huairé i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020 le haghaidh Múinteoirí Iar-Bhunscoile Páirtaimseartha agus Ionaid

IAR-BHUNSCOILE: Rátaí páirtaimseartha ócáideacha leasaithe in aghaidh na huairé i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020 le haghaidh múinteoirí iar-bhunscoile a chuaigh i mbun teagaisc den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2011: POST-PRIMARY:

Catagóir (Iar-Bhunscoil)	Ráta Leanúnach ón 1/10/20	Luach Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh na huairé a Oibrítear ón 1/10/20
Ócáideach cáilithe in aghaidh na huairé	46.18	6.30
Neamhcháilithe in aghaidh na huairé	40.79	5.56

IAR-BHUNSCOILE: Rátaí páirtaimseartha ócáideacha leasaithe in aghaidh na huairé le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 le haghaidh múinteoirí iar-bhunscoile a chuaigh i mbun teagaisc den chéad uair ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh*:

Catagóir (Iar-Bhunscoil)	Ráta Leanúnach ón 1/10/20	Luach Saoire Bliantúla Reachtúla arna Carnadh in aghaidh na huairé a Oibrítear ón 1/10/20
Ócáideach cáilithe in aghaidh na huairé	41.37	5.64
Neamhcháilithe in aghaidh na huairé	36.71	5.01

Féach láithreán gréasáin ASTI le haghaidh na rátaí nuashonraithe

Deireadh le “Pá Saoire Cuachta”

Le héifeacht ó thosach na scoilbhliana 2015/2016, tháinig deireadh leis an gcleachtas “pá saoire cuachta”. Íocadh ráta laethúil/in aghaidh na huairé le múinteoirí ar mhúinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha iad roimhe seo, ráta a chuimsigh gné i ndáil leis an tsaoire bhliantúil; le Ciorclán 0015/2015, tugadh isteach íocaíocht ar leithligh maidir le pá saoire. Rinneadh an t-athrú sin chun an modh le luach saothair a íoc le múinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha a chur i gcomhréir le Treoir maidir le hEagrú Ama Oibre an Aontais Eorpaigh, tar éis cinneadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach

Ní thiocfaidh aon athrú ar an luach saothair foriomlán do mhúinteoirí ócáideacha agus neamhócáideacha, ach bainfear 12% de na rátaí ócáideacha agus neamh-

ó cáideacha reatha in aghaidh na huair. Léiríonn sin an teidlíocht reachtúil saoire bliantúla de 4 seachtaine in aghaidh na bliana atá ag na múinteoirí. Déanfaidh an múinteoir saoire bhliantúil reachtúil a charnadh dar luach 12% den am atá oibrithe. Ceanglaítear ar mhúinteoirí a dteidlíocht reachtúil saoire bliantúla a ghlacadh le linn thréimhsí dúnta na scoile, i.e.: um Nollaig, um Cháisc, i rith an tsamhraidh.

Scála tuarastail incriminteach leasaithe le haghaidh múinteoirí a chuaigh i mbun teagaisc den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2011, le bheith i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Leantar de liúntais cháilíochta a íoc leis an gcohort múinteoirí seo de réir mar is cuí.

Scála leasaithe ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí a chuaigh i mbun post teagaisc den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2011

Pointe	€
1	35,790
2	36,593
3	37,725
4	38,860
5	40,620
6	41,761
7	42,900
8	45,770
9	47,204
10	48,917
11	50,621
12	52,338
13	53,774
14	55,675
15	55,675
16	55,675
17	58,297
18	58,297
19	58,297
20	58,297
21	61,761
22	61,761
23	61,761
24	61,761
25	65,588

Múinteoirí a ceapadh den chéad uair i bpost teagaisc arna íoc ag an Roinn idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012, íoctar iad de réir an scála tuarastail leasaithe, lena n-áirítear an Liúntas Bunchéime Onóracha, agus aon liúntais cháilíochta is infheidhme

Múinteoirí a ceapadh den chéad uair i bpost teagaisc arna íoc ag an Roinn ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh, íoctar iad de réir an scála tuarastail leasaithe, lena n-áirítear anois an Liúntas Bunchéime Onóracha.

Scála leasaithe ón 1 Deireadh Fómhair 2020 dóibh siúd a ceapadh ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh

Pointe	€
1	37,692
2	39,235
3	40,996
4*	41,800
5	42,932
6	44,299
7	45,834
8*	47,380
9	48,671
10	50,977
11	52,410
12	54,123
13	55,828
14	57,546
15	58,981
16	60,882
17	60,882
18	60,882
19	63,504
20	63,504
21	63,504
22	63,504
23	66,968
24	66,968
25	66,968
26	66,968
27	70,795

* Ba cheart an scála seo a léamh i dteannta Chiorclán 0033/2020 - Leasú ar Thuarastail do Mhúinteoirí is Iontrálaithe na bliana 2011 le héifeacht ón 1 Márta 2020 - Cur i bhfeidhm Incrimintí Breise

4. LIÚNTAIS CHÁILÍOCHTA:

Le héifeacht ón 1 Feabhra 2012, cuireadh deireadh leis na liúntais cháilíochta go léir ach amháin na heisceachtaí teoranta seo a leanas:

- Múinteoir cáilithe a fostaíodh den chéad uair i bpost teagaisc arna mhaoiniú ag an Oireachtas ar an 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin, íocfar liúntas cáilíochta leis nó léi i leith cáilíochtaí a fuair sé nó sí ar an 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin.
- Is é an t-aon eisceacht air sin ná cás ina raibh múinteoir a bhí i bhfostaíocht ar an 5 Nollaig 2011 ag tabhairt faoi chúrsa staidéir bhreise a mbeadh cáilíocht bhreise ann dá bharr, ar an gcoinníoll nár scoir an múinteoir de bheith ina mhac léinn cláraithe ar an gcúrsa sin sular raibh an cúrsa críochnaithe.
- Aon mhúinteoir a bhí ag fáil liúntais ar an 31 Eanáir 2012, leanfar den liúntas sin a íoc dó nó di ach amháin i gcás gur scoir an múinteoir den ról poist sin ar an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus sonraí sonracha ar liúntais cháilíochta, féach ciorclán 0008/2013.

5. CREIDMHEAS INCRIMINTEACH

Creidmheas Incriminteach don tSeirbhís roimhe seo

Múinteoirí a n-íocann an Roinn Oideachais tuarastal incriminteach leo, féadann siad iarratas a dhéanamh ar chreidmheas tuarastail incriminteach as seirbhís roimhe seo. Tá sonraí an chreidmheasa sin leagtha amach i gciocláin na Roinne Oideachais 0029/2007 agus 0029/2010, agus moltar do mhúinteoirí na ciorcláin sin a léamh chun an fhaisnéis iomlán a fháil.

Tá inaistritheacht ann do chreidmheas incriminteach idir na hearnálacha bunscolaíochta, meánscolaíochta agus gairmscolaíochta agus laistigh den earnáil iarbhunscoile ina hiomláine (i.e. pobalscoileanna, scoileanna cuimsitheacha, scoileanna deonacha, meánscoileanna agus scoileanna B00).

Ba cheart d'iarratasóirí ar chreidmheas as seirbhís B00 ráiteas seirbhíse iomlán a sholáthar ón B00 ábhartha.

Múinteoirí neamhbhuana

An scála tuarastail ar a bhfuil pá duine aonair bunaithe, braitheann sé ar dháta na céad seirbhíse cáilithe ceaptha chuig post teagaisc arna mhaoiniú ag an Oireachtas. Le haghaidh faisnéis bhreise féach ciorclán 0008/2013.

Sa chás go bhfuil feidhm leis sin, beidh iontrálaí nua fós i dteideal éileamh a dhéanamh ar chreidmheas incriminteach as seirbhís roimhe seo mar mhúinteoir nó as seirbhís neamhtheagaisc ábhartha.

Múinteoirí Ócáideacha/Neamhócáideacha

Déantar gach seirbhís neamhócáideach a chomhaireamh le haghaidh incriminte. Nuair atá obair 600 uair an chloig déanta sa cháil sin agus nuair atá cothrom lá na hincriminte deireanaí imithe thart, rachaidh an múinteoir in airde pointe amháin ar an scála tuarastail incriminteach. Uaireanta neamhócáideacha a oibríodh nach leor iad do dhámhachtain incriminte, tabharfar ar aghaidh iad ó bhliain go bliain i dtreo dul chun cinn incriminteach.

Múinteoirí ócáideacha

Caithfidh múinteoir cáilithe 300 uair an chloig nó níos mó a oibriú i gcáil ócáideach laistigh de scoilbhliain chun go gcomhairfí an tseirbhís sin le haghaidh incriminte. Mar shampla, má chríochnaíonn múinteoir 299 uair an chloig i gcáil ócáideach idir Meán Fómhair agus Lúnasa (an scoilbhliain), ní áireofar an tseirbhís sin le haghaidh incriminte.

Nuair a bheidh 300 uair an chloig ócáideach críochnaithe laistigh den scoilbhliain, tá an tseirbhís ináirithe do dhámhachtain creidmheasa incrimintigh agus féadfar í a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad scoilbhliain eile lena carnadh chun críocha na n-incrimintí.

Nósanna imeachta maidir le hiarratais

Tá foirmeacha iarratais ar chreidmheas incriminteach ar fáil ón Roinn Oideachais www.education.ie.

6. AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla don mhúinteoireacht a chuireann an ghairm chun cinn agus a rialaíonn í. Feidhmíonn sí ar mhaithe le leas an phobail agus í ag seasamh le cáil agus stádas ghairm na múinteoireachta agus á bhfeabhsú.

- Tugann sí múinteoirí isteach sa ghairm trí chlárúchán.
- Socraíonn sí caighdeáin maidir le hoideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an teagaisc.
- Bunaíonn sí caighdeáin inniúlachta agus iompair ghairmiúil.
- Imscrúdaíonn sí gearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe.

Clárúchán

Is comhartha é an clárúchán d'aitheantas gairmiúil duine mar mhúinteoir. Áirithítear leis go gcoinnítear caighdeáin iontrála sa ghairm.

In Éirinn, ní cheadaítear ach amháin do mhúinteoirí a chomhlíon riachtanais chlárucháin na Comhairle Múinteoireachta teagasc a dhéanamh i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna atá aitheanta ag an Stát agus a dtuarastail a bheith íoctha leo ó chistí an Stáit.

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna, de réir Alt 24 den Acht Oideachais 1998, go gcinnteodh údaráis scoile, mar fhostóirí, nach foláir do mhúinteoirí atá beartaithe lena gceapadh chuig poist teagaisc a bhfuil deontas tuarastail á lorg ina leith:

- 1 **A bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta de réir Alt 31 den Acht um Chomhairle Múinteoireachta, 2001**
- 2 **Cáilíochtaí a bheith acu atá iomchuí don earnáil agus oiriúnach do na poist dá bhfuil siad beartaithe.**

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi earcaíocht, clárúchán agus cáilíochtaí múinteoirí, féach láithreán gréasáin ASTI.

7. GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tugadh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána isteach in 2006 le haghaidh múinteoirí a bhfuil rochtain gan mhaoirseacht acu ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha. Is í an Chomhairle Múinteoireachta an comhlacht atá údaraithe chun grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith múinteoirí.

Ceanglais le dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

Múinteoirí nua

Na daoine ar fad a chláraíonn leis an gComhairle Múinteoireachta den chéad uair, ní mór dóibh dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin tosaigh. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Chomhairle Múinteoireachta cinneadh maidir le hábharthacht aon chiontú i dtaca le hoiriúnacht an mhúinteora le haghaidh clárúcháin.

Múinteoirí i mbun seirbhíse faoi láthair

Leathnóidh an Chomhairle Múinteoireachta na socrúithe grinnfhiosrúcháin ar bhonn céimnithe sna blianta amach romhainn chun gach múinteoir atá sa chóras faoi láthair a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd atá cláraithe cheana féin ach nach ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu go fóill.

Múinteoirí atá ag filleadh ó shaoire

Ní mór do mhúinteoirí atá ag filleadh ar an obair theagaisc tar éis saoire neamhláithreachta 2 bhliain nó níos mó dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Múinteoirí a athraíonn fostaíocht

Ón 1 Eanáir 2011 i leith, ní foláir grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar aon mhúinteoir a cheaptar i bpost teagaisc sula dtosaíonn sé nó sí san fhostaíocht ach amháin i gcás go ndearnadh grinnfhiosrúchán air nó uirthi cheana féin le linn na bliana féilire céanna nó na bliana féilire roimhe sin. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach cineál ceapacháin d'fhad ar bith lena n-áirítear poist lánaimseartha, pháirtaimseartha agus ionaid. Baineann sé leo siúd a bhfuil a bhfostaíocht á hathrú acu, m.sh. iad ag aistriú idir scoileanna, á n-ath-implonnú, nó ag glacadh le post nua ina scoil, srl.

Ath-implonnú

Tar éis aighneachtaí arna ndéanamh ag ASTI, dheimhnigh an Roinn Oideachais nár cheart go mbainfeadh aon deacrachtaí tuarastail do mhúinteoirí ath-implonnaithe mar thoradh ar a n-ath-implonnú. Mar sin féin, ní mór do scoileanna a bhfuil múinteoirí ath-implonnaithe faighte acu an fhaisnéis ábhartha (lena n-áirítear deimhniú go bhfuil grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána á shocrú) a chur ar ais chuig an Roinn. Má tá imní ort faoi seo, ba cheart duit a dhearbhu le do phríomhoide scoile go bhfuil an fhaisnéis seo curtha/á cur ar ais chuig an Roinn. Má bhíonn aon ábhair imní eile agat, déan teagmháil le Ceannoifig ASTI ag 01-6040160.

Níl feidhm ag an gceanglas thuas sna cásanna seo a leanas:

- a) múinteoir a aistríonn idir scoileanna atá ina gcuid den Choiste Gairmoideachais céanna, nó
- b) múinteoir atá á athfhostú ag an údarás scoile céanna ar an gcoinníoll nach bhfuil aon bhearna ann (seachas laethanta saoire scoile) díreach roimh an athfhostaíocht, agus go ndearnadh grinnfhiosrúchán roimhe seo ar an múinteoir don chéad fhostaíocht leis an údarás scoile sin.

Ról na nÚdarás Scoile

Tá sé mar fhreagracht ar údarás na scoile (an Bord Bainistíochta nó Coiste Gairmoideachais de réir mar is cuí) a chinntiú go ndéantar grinnfhiosrúchán ar aon cheapaí nua atá beartaithe. Níor cheart é sin a lorg ach amháin i ndáil le duine a mbeartaíonn údarás na scoile post a thairiscint dó nó di. I gcás múinteoirí nua, sula ndéanann scoileanna tairiscint fhoirmiúil maidir le ceapachán, ní mór dóibh iarraidh ar an bhfostaí ionchasach an Litir Ghrinnfhiosrúcháin ón gComhairle Múinteoireachta a chur ina láthair.

Ról na Comhairle Múinteoireachta

Mar chuid den phróiseas chun múinteoirí a chlárú den chéad uair, is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht údaraithe chun grinnfhiosrúchán a lorg i leith múinteoirí nua. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin an méid seo a leanas:

- 1) go bhfaigheann agus go seiceálann an Chomhairle na Foirmeacha Iarratais Grinnfhiosrúcháin Garda Síochána comhlánaithe ó mhúinteoirí faoi oiliúint atá sa bhliain deiridh i gcoláistí agus in ollscoileanna agus ó mhúinteoirí nua eile;
- 2) go seolann an Chomhairle an fhoirm iarratais ar aghaidh chuig Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (LAGFGS) chun go ndéanfaí grinnfhiosrúchán i leith gach iarratasóra;
- 3) go bhfaigheann an Chomhairle torthaí Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ó LAGFGS;
- 4) go n-ullmhaíonn an Chomhairle Litir Ghrinnfhiosrúcháin do gach iarratasóir ina dtugtar torthaí an ghrinnfhiosrúcháin.

Ciallaíonn sé sin nach gá do scoileanna dul go díreach chuig LAGFGS chun grinnfhiosrúchán múinteoirí nua a iarraidh.

Tabhair faoi deara: faoi láthair, glacann an próiseas Grinnfhiosrúcháin Garda Síochána idir 6 agus 8 seachtaine go garbh.

Féach na ciorcláin thíos le haghaidh tuilleadh faisnéise:

0026-2015 Réamhullmhúchán chun tús a chur leis na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána faoin mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin

Ciorclán 0063/2010, ina leagtar amach na nósanna imeachta earcaíochta agus an ceanglas maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána..

www.teachingcouncil.ie

8. BALLRAÍOCHT ASTI

Cuireann ballraíocht ASTI an méid seo a leanas ar fáil do mhúinteoirí:

- Deis tionchar a imirt ar do thimpeallacht ghairmiúil
- Deis do ghairm a athrú agus a fhorbairt
- Do choinníollacha fostaíochta a chosaint
- Idirbheartaíocht agus ionadaíocht maidir le d'fhostaíocht
- Méaduithe rialta ar thuarastal
- Rochtain fhurasta ar chomhairle agus ar fhaisnéis
- Tacaíocht agus ionadaíocht áitiúil
- Réimse cuimsitheach sochar airgeadais
- Deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil

Deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil

- **Ballraíocht Iomlán** - Le haghaidh múinteoirí tuata i mbun seirbhíse
- **Ballraíocht Chomhlach** - Le haghaidh múinteoirí tuata páirtaimseartha i mbun seirbhíse agus catagóirí sainithe eile
- **Ballraíocht Mac Léinn** - Do mhic léinn thuata Ard-Diplóma nó do mhic léinn sa bhliain deiridh sa choláiste

Tá sonraí maidir le ballraíocht a ghlacadh agus na rátaí ballraíochta éagsúla ar fáil ar láithreán gréasáin ASTI ag

www.asti.ie



Áras Thomáis Mhic Dhonncha, Sráid an Fhíona, B.Á.C. 8, D08 P9V6
Thomas MacDonagh House, Winetavern Street, Dublin 8, D08 P9V6
Teil: 01-604 0160 r-phost: info@asti.ie <http://www.asti.ie>